



DECLARATION OF SUPPORT

1. We, the participants in the multi-party negotiations, believe that the agreement we have negotiated offers a truly historic opportunity for a new beginning.

2. The tragedies of the past have left a deep and profoundly regrettable legacy of suffering. We must never forget those who have died or been injured, and their families. But we can best honour them through a fresh start, in which we firmly dedicate ourselves to the achievement of reconciliation, tolerance, mutual trust, and to the

of relations
 Northern
 North a
 between

4. We rea
 absolu
 exclus
 peace
 differ
 and
 or th
 for a
 whe
 agr

5. We
 su
 ou
 le
 H
 t
 v

Rising to Reconciliation

Ó Éirí Amach go hAthmhuintearas

10.04.16



Follow us on Facebook and Twitter
 Lean ar Facebook agus Twitter muid



@ireland2016 #Ireland2016



An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
 Department of Foreign Affairs and Trade

19
 2016

Rising to Reconciliation

a journey in words and music

*Ó Éirí Amach go
hAthmhuintearas*
aistear focal agus ceoil

10 April 2016
Abbey Theatre,
Dublin 1

10 Aibreán 2016
Amharclann na Mainistreach,
Baile Átha Cliath 1



Foreword Réamhrá

Two Easters, decades apart. Two seminal moments in the history of the island of Ireland. Today we trace the path from the moment of the Easter Rising of 1916 through the complexity and turbulence of the succeeding century, and we celebrate the moment of hope, reconciliation and democratic accommodation that the Good Friday Agreement represents.

The past hundred years have seen many achievements, but also many challenges - none, perhaps, greater than the violence of the Troubles, which caused such pain and division across these islands. Leadership, vision and courage demonstrated by individuals, and supported by communities, across these islands have allowed us to rise above barriers that for so long seemed insurmountable, and together build a peaceful society.

At its heart, the Easter Rising aspired to ensure the sovereignty and self-determination of the Irish people. In solemnly endorsing the Good Friday Agreement of 1998, the people of this island made it clear that their expressed will is for an island at peace which prizes reconciliation, equality, tolerance and mutual respect.

Reconciliation is a core theme of the Ireland 2016 Centenary Programme, and indeed of our approach to the diverse and complex events of the entire Decade of Centenaries. We have sought to engage with the different traditions on this island

Dhá Cháisc, blianta fada óna chéile. Dhá thráth chinníúnacha i stair oileán na hÉireann. Inniu rianaímid an cosán ó Éirí Amach na Cásca 1916, trí chastacht agus suaiteacht an chéid a tháinig ina dhiaidh, agus ceiliúraímid an dóchas, an t-athmhuintearas agus an réiteach daonlathach a d'eascair as Comhaontú Aoine an Chéasta.

Is mór an méid atá bainte amach againn le céad bliain anuas, agus is mór an méid dúshlán a bhí le sárú againn chomh maith – agus gach seans gurb é an dúshlán ba mhó díobh sin ná foréigean aimsir na d'Trioblóidí, foréigean a bhí ina chúis le pian agus deighilt mhíllteanach ar fud na n-oileán seo. Mar gheall ar an gceannasaíocht, an léargas agus an misneach a léirigh daoine aonair sna hoileáin seo, agus an tacaíocht a thug an pobal dóibh, bhí ar ár gcumas an ceann is fearr a fháil ar na constaicí sin a raibh an chuma orthu ar feadh i bhfad go raibh siad dosháraithe, agus sochaí shíochánta a chothú le chéile.

Ba é cuspóir bunaidh Éirí Amach na Cásca ceannasacht agus féinchinntiúchán mhuintir na hÉireann a áirithiú. Trí fhormhuiniú sollúnta a dhéanamh ar Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998, léirigh muintir an oileáin seo gur mian leo an tsíocháin a bheith i réim ar an oileán, agus gur mór acu an t-athmhuintearas, an comhionannas, an chaoimhfulaingt agus an meas ar a chéile.

Tá an t-athmhuintearas ar cheann de bhuntéamaí Chlár Comórtha Céad Bliain Éire 2016, agus go deimhin is é is bun leis an gceur chuige atá againn i leith imeachtaí casta éagsúla thréimhse iomlán Dheich mBliana na gCuimhneachán. Rinneamar iarracht dul i ngleic leis na traidisiúin éagsúla ar an oileán seo ar shlí a thugann aitheantas do na tuiscintí éagsúla ar stair chomhroinnte na n-oileán seo agus a léiríonn meas orthu.

in a way which respects and recognises the different understandings of our shared and overlapping histories. We also seek to reimagine our future in ways that strengthen peace and reconciliation.

Today's event remembers and reflects the many different choices made in the period since 1916 which have shaped the history of this island. Through poetry, music, drama and imagery drawn from some of the island's finest artists, we will explore this complex history and acknowledge its varying moments of loss and tragedy, as well as of hope and joy. As we reflect on how far we have come, together, on a journey of reconciliation, we also imagine how, together, we can work towards an ever brighter and more peaceful future for the people of this island, particularly that generation which is coming of age today.

On this special occasion, the 18th anniversary of the Good Friday Agreement, we also remember and honour the peacemakers; and all those who have worked to advance peace and reconciliation on these islands. We remember, in particular, the victims of the Troubles and we recall the promise in April 1998 to best honour them through faithfully respecting the principles and commitments of the Good Friday Agreement.

Our thanks to all who have contributed to today's event.

The Government of Ireland.

Féachaimid freisin leis na blianta atá romhainn a shamhlú as an nua ar shlí a neartóidh an tsíocháin agus an t-athmhuintearas.

Ag ócáid an lae inniu, breathnaímid siar ar na roghanna éagsúla go léir a rinneadh sa tréimhse ó 1916 i leith, a chuaigh i gcion go mór ar stair an oileáin seo, agus déanaimid léiriú orthu. Trí mheán na filíochta, an cheoil, na drámaíochta agus íomhánna ó dhream de na healaíontóirí is fearr ar an oileán, déanfaimid iniúchadh ar an stair chasta sin agus tabharfaimid aitheantas don chailteanas agus don tragóid atá ina gcuid di, mar aon leis an dóchas agus an áthas. Agus muid ag déanamh machnaimh ar an aistear fada atá déanta againn le chéile ar bhóthar an athmhuintearais, samhlaímid freisin conas is féidir linn, ag obair as lámha a chéile dúinn, dul i dtreo todhchaí níos gile agus níos síochánta do mhuintir an oileáin seo, agus go háirithe don ghlúin atá ag fás anois.

Ag an ócáid speisialta seo, cothrom 18 mbliain ó síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta, cuimhnímid freisin ar lucht na síochánaíochta agus tugaimid onóir dóibh, agus dóibh siúd go léir a bhí i mbun oibre chun cás na síochána agus an athmhuintearais a chur chun cinn ar na hoileáin seo. Cuimhnímid, go háirithe, ar íospartaigh na d'Trioblóidí agus tugaimid chun cuimhne an gealltanais a rinneadh i mí Aibreáin 1998 i dtaobh onóir a thabhairt dóibh sa tslí is fearr is féidir trí phrionsabail agus gealltanais Chomhaontú Aoine an Chéasta a chomhlíonadh go dlí.

Gabhaimid buíochas le gach duine a chuir le hócáid an lae inniu.

Rialtas na hÉireann.

Neither an Elegy nor a Manifesto

So I say only: Bear in mind
those men and lads killed in the streets;
but do not differentiate between
those deliberately gunned-down
and those caught by unaddressed bullets:
such distinctions are not relevant.

Bear in mind the skipping child hit
by the anonymous ricochet...
and the garrulous neighbours at the bar
when the bomb exploded near them;
the gesticulating deaf-mute stilled
by the soldier's rifle in the town square;
and the policeman dismembered
by the booby trap in the car.

...

Patriotism has to do with keeping
the country in good heart, the community
ordered by justice and mercy;
these will enlist loyalty and courage often,
and sacrifice, sometimes even martyrdom.
Bear these eventualities in mind also;
they will concern you forever:
but, at this moment, bear in mind these dead.

John Hewitt

Excerpt from *Neither an Elegy nor a Manifesto*
From *The Selected John Hewitt* (Blackstaff Press, 1981)

Programme Clár

Arrival of Dignitaries

Arrival of the President of Ireland,
Michael D. Higgins

Ceremony Begins

Welcome by MC, Olivia O'Leary

Performances will include:

- Opening Music from Neil Martin
- Excerpt from *Portrait of the Artist as a Young Man* by James Joyce
- *Ulster 1912* by Rudyard Kipling
- *Easter 1916* by WB Yeats
- *Amhráin na nGleann* sung by Iarla Ó Lionáird
- Excerpt from *Autumn Journal (XIV)* by Louis MacNeice
- *Be Careful Not to Patronise the Irish* (from *Improbable Frequency* by Arthur Riordan)
- Extract from *The Colony* by John Hewitt
- *Anseo* by Paul Muldoon
- Excerpt from *Butcher's Dozen* by Thomas Kinsella
- *Claudy* by James Simmons
- *Child of Our Time* by Eavan Boland
- *Tugboat* by Kevin Doherty
- *Derry* by Colette Bryce
- *Trouble Spot: General Post Office 1986* by Máire Mhac an tSaoi
- *Whatever You Say Say Nothing* by Seamus Heaney
- *Bad News from Home* by Gráinne Tobin
- *The Island* by Paul Brady
- *Ceasefire* by Michael Longley
- *Next Year's Luck* by Colette Bryce
- Excerpt from *Dreams of a Summer Night* by Derek Mahon
- *Neither an Elegy Nor a Manifesto* by John Hewitt
- *Brand New Day* written by Van Morrison

Closing Remarks by MC, Olivia O'Leary

Ceremony Concludes

Teacht na nUaisle

Teacht Uachtarán na hÉireann,
Micheál D. Ó hUiginn

Tús an tSearmanais

Fáilte ón Reachtaire, Olivia O'Leary

Áireofar leis na léirithe:

- Ceol Tosaigh ó Neil Martin
- *Sliocht as Portrait of the Artist as a Young Man* le James Joyce
- *Ulster 1912* le Rudyard Kipling
- *Easter 1916* le WB Yeats
- *Amhráin na nGleann* á chasadh ag Iarla Ó Lionáird
- *Sliocht as Autumn Journal (XIV)* le Louis MacNeice
- *Be Careful Not to Patronise the Irish* (as *Improbable Frequency* by Arthur Riordan)
- *Sliocht as The Colony* le John Hewitt
- *Anseo* le Paul Muldoon
- *Sliocht as Butcher's Dozen* le Thomas Kinsella
- *Claudy* le James Simmons
- *Child of Our Time* le Eavan Boland
- *Tugboat* le Kevin Doherty
- *Derry* le Colette Bryce
- *Fód an Imris: Ard-Oifig an Phoist 1986* le Máire Mhac an tSaoi
- *Whatever You Say Say Nothing* le Seamus Heaney
- *Bad News from Home* le Gráinne Tobin
- *The Island* le Paul Brady
- *Ceasefire* le Michael Longley
- *Next Year's Luck* le Colette Bryce
- *Sliocht as Dreams of a Summer Night* le Derek Mahon
- *Neither an Elegy Nor a Manifesto* le John Hewitt
- *Brand New Day* le Van Morrison

Focal Clabhsúir ón Reachtaire, Olivia O'Leary

Deireadh an tSearmanais

FÓD AN IMRIS: ARD-OIFIG AN PHOIST 1986

Anso, an ea, 'athair, a thosnaigh sé?
Gur dhein strainséirí dínn dá chéile?
Anso, and ea?

Fastaím a shlíis riamh dár mórchuid cainte –
Fiú nuair aontaíomar leat:
Oidhrí ar eachtra nár aithin bolaith an phúdair
Ná na heagla,
Nár chaith riamh ruchar feirge
Is is lú ná san
A sheas...

D'éalaíomar uait thar Pháil na Gaelainne isteach;
B'shin *terre guerre* ba linn fhéin,
Is chuaigh sé de mhianach an Olltaigh
Ionatsa
Ár lorg a rianadh,
Ár dtabhairt chun tíríochais –
Civilitie Spenser
D'oibrigh irtsa a chluain.

Leanamarna treabhchas na máthar:
Kranz barrghaoitheach na Mumhan;
Ba tusa san seanabhroc stróinsithe,
Scheamhaíl ort ag paca spáinnéar.

Le haois ghnáthaoímar a chéile thar n-ais;
D'fhoghlaimís carthain,
Ach b'éigean fós siúl go haireach;
Do mheabhair agus th'acfainn chirt
Níor thaithigh cúl scéithe;
Comhao mé féin is an stat,
Is níor chun do thola do cheachtar.

Óigfhear in easnamh, anaithnid, thú, 'athair,
San àit seo –
Ceileann neamart is tuathal an eochair ar m'intinn –
Ach an seanóir a charas le grà duaisiúl,
Cloisim a thuin aduaidh:
An cuimhin leat an t-aitheasc a thugais
Nuair nà raibh faiseanta fós?
Mar seo do ràidhis é:

*I see no cause for rejoicing
That Irishmen once again
Are killing other Irishmen
On the streets of Belfast!*

by Máire Mhac an Tsaoi
From *The Miraculous Parish - Selected Poems*
(O'Brien Press, 2011)

TROUBLE SPOT: GENERAL POST OFFICE 1986

Here, father, is this where it started?
Here we became strangers to each other?
Was it here?

You thought most of what we said was nonsense –
Even when we agreed with you:
Inheritors of the event who never knew the smell
Of gunpowder, or of terror,
Who never fired a shot in anger,
Worse yet,
Never stood up to one...

We retreated from you into the Pale of Irish;
That was our familiar *terre guerre*,
And the Ulsterman
In you
Could not follow our tracks
Or tame our barbarism –
Spenser's *civilitie*
Had beguiled you.

We took after our mother's tribe:
The high-blown ways of Munster;
You were the recalcitrant old badger
Run to ground by howling spaniels.

In later years, we tried again;
You learned to be charitable,
But we still had to tread carefully;
Your intelligence and sense of justice
Never practised deception;
I am the same age as the state
And neither turned out as you wished...

In this place, father, you are the unknown
Youth who went missing –
Neglect and awkwardness hide the key from my mind –
But I hear now the Northern accent
Of the elder man I loved with hard devotion:
Do you remember the rebuke you delivered
Before it became fashionable?
You spoke thus:

*I see no cause for rejoicing
That Irishmen once again
Are killing other Irishmen
On the streets of Belfast!*

le Máire Mhac an Tsaoi
As *An Paróiste Míorúiltreach - Rogha Dánta*
(O'Brien Press, 2011)

Contributors' Biographies

Beathaisnéisí na Rannpháirtithe

CATHY BELTON

Cathy Belton is a well-known theatre actress and has had countless leading roles at the Gate and Abbey Theatre. Most recently she appeared in the Irish premiere of Frank Mc Guinness's one woman play *The Match Box* to great critical acclaim. She will be seen in the upcoming production of *Northern Star* by Stuart Parker

PAUL BRADY

Paul Brady, born in Co. Tyrone, has for over forty years been at the forefront of popular music in Ireland and is now recognised as one of Ireland's leading singer-songwriters.

COLETTE BRYCE

Colette Bryce, from Derry, is the author of four poetry collections. Her latest, *The Whole & Rain-domed Universe* (2014), was awarded a special Ewart-Biggs Award in memory of Seamus Heaney.

CATRIONA CROWE

Catriona Crowe is Head of Special Projects at the National Archives of Ireland. She is Adjunct Professor of History at the University of Limerick and a member of the Royal Irish Academy.

GERALD DAWE

Gerald Dawe is a renowned poet with nine published collections, and is Professor of English and Fellow of Trinity College Dublin.

CATHY BELTON

Tá cáil ar Cathy Belton mar aisteoir amharclainne agus is iomaí príomhpháirt atá glactha aici ar an stáitse in Amharclann an Gheata agus in Amharclann na Mainistreach. Tugadh ardmholadh di le déanaí nuair a bhí sí le feiceáil sa chéad léiriú in Éirinn ar *The Match Box*, dráma le Frank Mc Guinness do bhean amháin. Beidh sí le feiceáil sula i bhfad i léiriúchán an chompántais ar *Northern Star* le Stewart Parker.

PAUL BRADY

Rugadh Paul Brady i gContae Thír Eoghain. Le breis agus daichead bliain tá a ainm in airde i dtaobh ceol pobail in Éirinn agus tugtar aitheantas dó anois mar dhuine de na hamhránaithe is cumadóirí is fearr sa tír.

COLETTE BRYCE

Is as Doire ó dhúchas do Colette Bryce, a bhfuil ceithre chnuasach filíochta léi foilsithe. Bronnadh Dámhachtain Speisialta Ewart-Biggs i gcuimhne ar Seamus Heaney ar an gcnuasach is déanaí uaithi, *The Whole & Rain-domed Universe* (2014).

CATRIONA CROWE

Is í Catriona Crowe Ceann na dTionscadal Speisialta ag Cartlann Náisiúnta na hÉireann. Tá sí ina hOllamh Cúnta le Stair in Ollscoil Luimnigh agus ina comhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann.

GERALD DAWE

File iomráiteach is ea Gerald Dawe a bhfuil naoi gcnuasach dá chuid foilsithe, agus tá sé ina Ollamh le Béarla i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ina Chomhalta den choláiste sin.

KEVIN DOHERTY

Kevin Doherty was born in Buncrana, Co Donegal. A long-time member of Irish folk group *Four Men and a Dog*, Doherty has found success with independent projects as well as his work with a variety of acclaimed musicians. Regarded as a romantic lyricist renowned for his *poet's touch*, he currently resides in Dublin.

LINDA ERVINE

Linda Ervine is the Irish Language Development Officer at the East Belfast based Skainos Centre. Until five years ago, when she started learning Irish as part of a cross-community project with women from the nearby nationalist Short Strand, Linda didn't know a word of the language. Now she manages an Irish language project which provides eleven classes of various ability levels per week to over 150 language learners, as well as tin whistle and set dancing classes and a once a month traditional music session.

STUART GRAHAM

Stuart Graham has been one of Ireland's leading stage and screen actors for the last twenty years. Notable film credits include *Hunger*, *Tinker Tailor Soldier Spy* and *The Fall*. Stuart is also a founding director of KGB Screen, a Belfast-based production company.

KEVIN DOHERTY

Rugadh Kevin Doherty i mBun Cranncha, i gContae Dhún na nGall. Tá sé ina bhall le fada an lá de *Four Men and a Dog*, grúpa a sheinneann ceol tíre na hÉireann, agus d'éirigh go geal le tionscadail neamhspleácha dá chuid chomh maith lena chuid saothar le ceoltóirí cáiliúla éagsúla. Tá an cháil air go gcumann sé liricí rómánsacha agus go bhfuil bua na filíochta aige, agus is i mBaile Átha Cliath atá cónaí air faoi láthair.

LINDA ERVINE

Is í Linda Ervine Oifigeach Forbartha na Gaeilge d'Oirthear Bhéal Feirste, agus is in Ionad Skainos a bhíonn sí i mbun oibre. Go dtí cúig bliana ó shin, nuair a thosaigh sí ag foghlaim na Gaeilge mar chuid de thionscadal trasphobail le mná ón Trá Ghearr, ceantar náisiúnach ar an taobh céanna den chathair, ní raibh focal Gaeilge féin ag Linda. Anois bainistíonn sí tionscadal Gaeilge faoina gcuirtear aon cheann déag de ranganna ar leibhéil éagsúla ar fáil in aghaidh na seachtaine do bhreis is 150 foghlaiméir teanga, chomh maith le ranganna feadóige stáin agus ranganna rince seit, agus seisiún ceoil míosúil.

STUART GRAHAM

Tá Stuart Graham ar dhuine de na haisteoirí is fearr in Éirinn ar an stáitse agus ar an scáileán le fiche bliain anuas. I measc na scannán is suntasaf ina raibh sé, tá *Hunger*, *Tinker Tailor Soldier Spy* agus *The Fall*. Ina theannta sin, tá Stuart ar dhuine de na stiúrthóirí a bhunaigh KGB Screen, cuideachta léiriúcháin i mBéal Feirste.

PETER HANLY

Peter Hanly's many productions with *Rough Magic* include *Three Days of Rain*, *Digging for Fire* and *Improbable Frequency*. He has taken on several roles with the Abbey and Gate Theatres and he recently performed in *Bailed Out* and *Guaranteed*, both by Colin Murphy, for Fishamble.

DARRAGH KELLY

Darragh Kelly is a founder member of *Rough Magic* and his many roles with the company include *Improbable Frequency*, *Words of Advice for Young People*, *Three Days of Rain*, *Digging for Fire*, *The Way of the World* and most recently *The Train*. He will appear in the company's upcoming production of *Northern Star* by Stewart Parker.

PAUL KEOGAN

Paul Keogan has designed theatre, dance and opera shows for all of Ireland's major venues and companies. His work has also been seen extensively in Europe. He has been nominated for and received several awards for his designs.

PETER HANLY

I measc na léiriúcháin iomadúil de chuid Peter Hanly le *Rough Magic* tá *Three Days of Rain*, *Digging for Fire* agus *Improbable Frequency*. Tá aisteoireacht déanta aige freisin le hAmharclann na Mainistreach agus le hAmharclann an Gheata agus bhí sé le feiceáil le déanaí in *Bailed Out* agus *Guaranteed*, le Colin Murphy, do Fishamble.

DARRAGH KELLY

Tá Darragh Kelly ar dhuine de bhunaitheoirí *Rough Magic* agus i measc na ról iomadúil a ghlac sé leis an gcompántas tá cinn in *Improbable Frequency*, *Words of Advice for Young People*, *Three Days of Rain*, *Digging for Fire*, *The Way of the World* agus, le déanaí, *The Train*. Beidh sé le feiceáil sula i bhfad i léiriúcháin an chompántais ar *Northern Star* le Stewart Parker.

PAUL KEOGAN

Tá seónna amharclainne, damhsa agus ceoldrámaíochta deartha ag Paul Keogan do gach ceann de mhóronaid agus mórchompántais na hÉireann. Tá an-chuid dá shaothar feicthe san Eoraip freisin. Ghnóthaigh sé ainmniúcháin agus dámhachtainí éagsúla as a chuid dearáí.

MARGARET LONERGAN

Margaret Loneragan is an expert in visual communication and from 2003-2009 was Head of the Department of Visual Communication at NCAD. In 2009, she devised *The Witness Project*, an independent contextual art practice combining photography, dialogue and the written word to capture individual and shared narratives. Since 2010 she has worked as a visual accompanist with IMRAM, *Féile Litríochta Gaeilge*, creating large-scale projections for Irish-language music and poetry events.

NEIL MARTIN

Belfast-born Neil Martin is a composer and musician whose work spans dance, theatre, film, television, radio, concert hall, stage and studio. His ground-breaking work with the *West Ocean String Quartet* has been lauded globally.

CHARLOTTTE MCCURRY

Charlotte's appearances with the Abbey Theatre include *She Stoops to Conquer* and *The Risen People*. For the Lyric she has performed in *The Crucible* and *The Jungle Book*. She has also appeared in *The Threepenny Opera* for the Gate Theatre and she will appear in *Rough Magic*'s upcoming production of *Northern Star* by Stewart Parker.

MARGARET LONERGAN

Saineolaí sa chumarsáid amhairc is ea Margaret Loneragan agus is ise a bhí i mbun na Roinne Cumarsáide Amhairc in NCAD idir 2003 agus 2009. Sa bhliain 2009, cheap sí *The Witness Project*, cleachtas neamhspleách ealaíne comhthéacs ina dtugtar le chéile grianghraif, idirphlé agus an briathar scríofa chun scéalta aonair agus scéalta comhroinnte a insint. Ó 2010 i leith tá sí ag obair mar thionlacáí amhairc le IMRAM, *Féile Litríochta Gaeilge*, agus í ag cruthú teilgin ar scála mór d'imeachtaí ceoil agus filíochta i nGaeilge.

NEIL MARTIN

Is i mBéal Feirste a rugadh Neil Martin, cumadóir agus ceoltóir a bhíonn ag saothrú i réimsí éagsúla: damhsa, drámaíocht, scannáin, an teilifís, an raidió, an halla ceolchoirme, an stáitse agus an stiúideo. Tá moladh mór tugtha ag daoine ar fud an domhain don obair cheannródaíoch a rinne sé leis an *West Ocean String Quartet*.

CHARLOTTTE MCCURRY

I measc na ról a ghlac Charlotte le hAmharclann na Mainistreach tá cinn in *She Stoops to Conquer* agus *The Risen People*. Sa Lyric, bhí sí ar an stáitse in *The Crucible* agus *The Jungle Book*. Bhí sí le feiceáil freisin in *The Threepenny Opera*, ag Amharclann an Gheata, agus beidh sí ar an stáitse sula i bhfad i léiriúcháin de chuid *Rough Magic*, *Northern Star* le Stewart Parker.

ELEANOR METHVEN

One of Ireland's foremost actresses, Eleanor co-founded the award-winning Charabanc Theatre Company, with whom she toured internationally and was Co-Artistic Director until 1995.

OLIVIA O'LEARY

Olivia O'Leary is one of Ireland's best known broadcasters and journalists. Her award-winning work in this field has seen her take on a diverse range of roles, from being RTÉ's Belfast correspondent in 1975-1976 to presenting a number of flagship current affairs programmes on both television and radio.

IARLA Ó LIONÁIRD

Iarla Ó Lionáird has carved a long and unique career in music both internationally and in Ireland. A twice Grammy nominated artist, he is the vocalist with the critically acclaimed Irish /American band *The Gloaming*.

LYNNE PARKER

Lynne Parker is Artistic Director and co-founder of award-winning production company *Rough Magic*. She received the 2008 *Irish Times Special Tribute Award* and an Honorary Doctorate from Trinity College Dublin in 2010.

ELEANOR METHVEN

Tá Eleanor ar dhuine de bhan-aisteoirí iomráiteacha na hÉireann, agus bhí sí i measc bhunaitheoirí an chompántais ghradamaigh Charabanc Theatre Company. Bhíodh sí ar camchuart idirnáisiúnta leo agus ba ise Comh-Stiúrthóir Ealaíne an chompántais go dtí 1995.

OLIVIA O'LEARY

Tá Olivia O'Leary ar dhuine de na craoltóirí agus na hiriseoirí is fearr aithne in Éirinn. Is iomaí ról atá glactha aici ina cuid oibre gradamaí sa réimse sin: ó bheith mar chomhfhreagraí RTÉ i mBéal Feirste in 1975-1976 go dtí cláir shuaitheanta faoi chúrsaí reatha a chur i láthair ar an teilifís agus an raidió.

IARLA Ó LIONÁIRD

Tá teist fhada ar leith ag Iarla Ó Lionáird sa cheol, in Éirinn agus thar lear. Ainmníodh faoi dhó é do ghradam Grammy, agus is eisean atá ina amhránaí leis an mbanna ceoil Gael-Mheiriceánach *The Gloaming*, a bhfuil ardmholadh tugtha ag léirmheastóirí dóibh.

LYNNE PARKER

Is í Lynne Parker Stiúrthóir Ealaíne agus comhbhunaitheoir an chompántais ghradamaigh léiriúcháin *Rough Magic*. Bronnadh Duais Ómóis Speisialta an *Irish Times* uirthi sa bhliain 2008 agus bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Dochtúireacht Oinigh uirthi sa bhliain 2010.

POETRY IRELAND

Poetry Ireland connects people and poetry. Funded by The Arts Council/An Chomhairle Ealaíon and The Arts Council of Northern Ireland, it is committed to achieving excellence in the reading, writing and performance of poetry throughout the island of Ireland and beyond. *Poetry Ireland's* commitment to creating performance and publication opportunities for poets at all stages of their careers helps ensure that the best work is made available to the widest possible audience, securing a future for Irish poetry that is as celebrated as its past.

ANDREW SCOTT

Andrew Scott is a BAFTA and Olivier award-winning actor. As well as his role as Moriarty in worldwide smash-hit drama *Sherlock*, other performances include roles in a number of critically acclaimed films including *Jimmy's Hall*, *Pride* and Irish comedy hit *The Stag*.

CATHAL SYNNOTT

Cathal originally joined *Riverdance* as a singer and in 2000 became the production's musical director on Broadway. Since then he has been very busy as a singer, keyboard player and musical director. He has been a member of *Anúna* and the *National Chamber Choir* and was musical director for *Improbable Frequency*.

ÉIGSE ÉIREANN

Tugann Éigse Éireann le chéile daoine agus an fhilíocht. Faigheann an eagraíocht maoiniú ón gComhairle Ealaíon/The Arts Council agus ó Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann, agus tá sí tiomanta d'ardchaighdeán feabhais a bhaint amach maidir le léamh, cumadh agus léiriú filíochta ar fud oileán na hÉireann agus níos faide ó bhaile. Trí thiomantas Éigse Éireann do dheiseanna taibhléirithe agus foilsithe a chruthú d'fhillí, cibé cén chéim dá ngairmeacha ag a bhfuil siad, cabhraítear a chinntiú go gcuirtear an saothar is fearr i láthair an lucht féachana agus an lucht léitheoireachta is fairsinge, ionas go mbeidh an t-iomrá céanna ar fhilíocht na hÉireann sna blianta romhainn is a bhí san am atá caite.

ANDREW SCOTT

Aisteoir is ea Andrew Scott a bhfuil Gradam BAFTA agus Gradam Olivier buaite aige. Chomh maith lena ról mar Moriarty sa drámaíocht *Sherlock*, a bhfuil an-tóir air ar fud an domhain, ghlac sé páirt i roinnt scannán ar thug na léirmheastóirí ardmholadh dóibh, ar nós *Jimmy's Hall*, *Pride* agus *The Stag*, scannán grinn Éireannach a raibh an-rath go deo air sna pictiúrlanna.

CATHAL SYNNOTT

Ghlac Cathal páirt in *Riverdance* den chéad uair mar amhránaí agus in 2000 ceapadh é ina stiúrthóir ceoil don léiriúchán ar Broadway. Ó shin i leith bhí sé an-ghnóthach mar amhránaí, mar sheinnteoír méarchláir agus mar stiúrthóir ceoil. Bhíodh sé ina bhall den ghrúpa *Anúna* agus den Chór Aireagail Náisiúnta, agus ina stiúrthóir ceoil do *Improbable Frequency*.

Preamble to the Good Friday Agreement

An Brollach a ghabhann le Comhaontú Aoine an Chéasta

10.04.98

DECLARATION OF SUPPORT

1. We, the participants in the multi-party negotiations, believe that the agreement we have negotiated offers a truly historic opportunity for a new beginning.
2. The tragedies of the past have left a deep and profoundly regrettable legacy of suffering. We must never forget those who have died or been injured, and their families. But we can best honour them through a fresh start, in which we firmly dedicate ourselves to the achievement of reconciliation, tolerance, and mutual trust, and to the protection and vindication of the human rights of all.
3. We are committed to partnership, equality and mutual respect as the basis of relationships within Northern Ireland, between North and South, and between these islands.
4. We reaffirm our total and absolute commitment to exclusively democratic and peaceful means of resolving differences on political issues, and our opposition to any use or threat of force by others for any political purpose, whether in regard to this agreement or otherwise.

DEARBHÚ TACAÍOCHTA

1. Creidimidne, na rannpháirtithe sna caibidlí ilpháirtí, go dtugann an comhaontú atá caibidlithe againn deis fhórstairiúil chun tús nua a dhéanamh.
2. D'fhág na tragóidí san am a caitheadh iarmhairt dhomhain fulaingthe ar ábhar mór aiféala í. Ní mór dúinn gan dearmad a dhéanamh choíche ar na daoine a fuair bás nó a gortaíodh, ná ar a dteaghlaigh. Ach is é an t-ómós is fearr is féidir linn a thabhairt dóibh ná tosach nua a dhéanamh ina dtiomnaímid muid féin go daingean d'athmhuintearas, do chaoínfhulaingte agus do chomhionannas a bhaint amach agus do chearta daonna gach éinne a chosaint agus a shuíomh.
3. Táimid tiomanta don chomhpháirtíocht, don chomhionannas agus don chomhurráim mar bhonn leis na caidrimh laistigh de Thuaisceart Éireann, idir an Tuaisceart agus an Deisceart, agus idir na hoileáin seo.
4. Athdheimhnímid go bhfuilimid tiomanta go huile agus go hiomlán do mhodhanna daonlathacha, síochánta amháin chun easaontais ar shaincheisteanna polaitiúla a shocrú, agus go bhfuilimid i gcoinne daoine eile d'úsáid foréigin nó do bhagairt foréigin, in aon slí, chun aon chríche polaitiúla, cibé acu maidir leis an gcomhaontú seo nó ar shlí eile.

5. We acknowledge the substantial differences between our continuing, and equally legitimate, political aspirations. However, we will endeavour to strive in every practical way towards reconciliation and rapprochement within the framework of democratic and agreed arrangements. We pledge that we will, in good faith, work to ensure the success of each and every one of the arrangements to be established under this agreement. It is accepted that all of the institutional and constitutional arrangements - an Assembly in Northern Ireland, a North/South Ministerial Council, implementation bodies, a British-Irish Council and a British-Irish Intergovernmental Conference and any amendments to British Acts of Parliament and the Constitution of Ireland - are interlocking and interdependent and that in particular the functioning of the Assembly and the North/South Council are so closely inter-related that the success of each depends on that of the other.
6. Accordingly, in a spirit of concord, we strongly commend this agreement to the people, North and South, for their approval.

5. Aithnímid na difríochtaí substaintiúla atá idir ár dtoilmhianta polaitiúla leanúnacha agus comhdhlísteanna. Déanfaimid ár ndícheall ar gach slí praiticiúil, áfach, chun athmhuintearas agus athchaidreamh a bhaint amach laistigh den chreat socruithe daonlathacha agus comhaontaithe. Geallaimid go n-oibreoidimid, de mheon macánta, chun a áirithiú go n-éireoidh le gach uile cheann de na socruithe a bhunófar faoin gcomhaontú seo. Glactar leis maidir leis na socruithe institiúideacha agus bunreachtúla go léir—Tionól i dTuaisceart Éireann, Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, comhlachtaí forfheidhmithe, Comhairle na Breataine-na hÉireann agus Comhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann agus aon leasuithe ar Achtanna Parlaiminte na Breataine agus ar Bhunreacht na hÉireann—go bhfuil siad cónasctha agus idirspiléach agus go háirithe go bhfuil gaol chomh dlúth sin idir feidhmiú an Tionóil agus feidhmiú na Comhairle Thuaidh/Theas go bhfuil rath ceann acu ag brath ar rath an chinn eile.
6. Dá réir sin, le meon an chomhcharadra, molaimid go láidir an comhaontú seo do na daoine, Thuaidh agus Theas, lena dtoiliú a fháil air.

Credits

Buíochas

This event is brought to you by the Department of Foreign Affairs and Trade, in partnership with Poetry Ireland, as part of the Ireland 2016 Centenary programme.

Director Lynne Parker

Devised by Catriona Crowe, Gerald Dawe and Eleanor Methven

Lighting Designer Paul Keogan

Visuals Margaret Lonergan and Eleanor Methven

Stage Manager Kate Ferris

Produced by Maureen Kennelly for Poetry Ireland

Special thanks to the Heaney Family, The Gallery Press, Faber and Faber Ltd, Carcanet Press, Cape Poetry, Picador, The Blackstaff Press, O'Brien Press, Summer Palace Press, Tommie Gorman, RTÉ, Van Morrison, Fergus Cronin, to all the contributing poets, artists, musicians and actors, and all at Rough Magic the Abbey Theatre.

Tá an ócáid seo á cur i láthair ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Tráddála, i gcomhpháirt le hÉigse Éireann, mar chuid de Chlár Comórtha Céad Bliain Éire 2016.

Stiúrthóir Lynne Parker

Is iad Catriona Crowe, Gerald Dawe, Eleanor Methven **a cheap** ócáid na hoíche anocht

Dearthóir Soilsithe Paul Keogan

Amharcghnéithe Margaret Lonergan agus Eleanor Methven

Bhainisteoir Stáitse Kate Ferris

Arna léiriú ag Maureen Kennelly d'Éigse Éireann

Buíochas ar leith le Muintir Heaney, The Gallery Press, Faber and Faber Ltd, Carcanet Press, Cape Poetry, Picador, The Blackstaff Press, O'Brien Press, Summer Palace Press, Tommie Gorman, RTÉ, Van Morrison, Fergus Cronin, leis na filí, na healaíontóirí, na ceoltóirí agus na haisteoirí go léir atá páirteach san ócáid, agus le gach duine in Rough Magic agus Amharclann na Mainistreach.